AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.12.2024
COM(2024) 572 final

Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí

Meastóireacht eatramhach faoi Rialachán (AE) 2021/785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 250/2014

{SWD(2024) 279 final}

1. RÉAMHRÁ

Is féidir le calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha gaolmhara tionchar díobhálach tromchúiseach a imirt ar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát. Tá an fhadhb sin níos práinní fós toisc go bhfuil méadú tagtha ar bhuiséad iomlán an Aontais faoina bhuiséad ilbhliantúil do 2021-2027 ('CAI') go méid nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo de thart ar EUR 1.8 trilliún, mar fhreagairt go páirteach ar phaindéim COVID-19. Tá caiteachas éifeachtúil agus cuí bhuiséad an Aontais, sna Ballstáit freisin, ríthábhachtach chun muinín an phobail agus na gcáiníocóirí a choinneáil. Os a choinne sin, is féidir le leibhéal ard calaoise srian a chur ar an bhfás eacnamaíoch agus an bonn a bhaint den téarnamh eacnamaíoch i gcoitinne. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach feabhas a chur ar ár gcosaintí comhpháirteacha in aghaidh na calaoise, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, chun athléimneacht an Aontais a neartú le linn tréimhsí an-éiginnte.

Faoi Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), tá oibleagáid chomhpháirteach ar na Ballstáit agus ar an Aontas leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá athruithe móra tagtha ar an timpeallacht frithchalaoise ar leibhéal an Aontais le 10 mbliana anuas, leis an méid seo a leanas:

- glacadh na Treorach maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin an dlí choiriúil ([1]) in 2017;
- seoladh ghníomhaíochtaí oibríochtúla Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) i mí an Mheithimh 2021; agus
- an t-athbhreithniú ar Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 883/2013([2]) ('Rialachán OLAF') in 2020 chun éifeachtacht imscrúduithe riaracháin arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a neartú ([3]).

Aithnítear go ginearálta gur cheart don Aontas tacú leis na Ballstáit ina gcuid oibre chun a leasanna airgeadais a chosaint. Tar éis an tsaoil, déantar formhór na gcásanna calaoise agus neamhrialtachtaí a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar an leibhéal náisiúnta.

Amhail an clár a tháinig roimhe, clár Hercule III, le CFCA cuirtear maoiniú spriocdhírithe frithchalaoise ar fáil do thairbhithe incháilithe ó na Ballstáit agus ó thíortha chomhlachaithe.

([1]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017).

([2]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1), arna leasú: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2223/oj

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (IO L 437, 28.12.2020).

2. CLÁR FRITHCHALAOISE AN AONTAIS

Is é CFCA príomhionstraim airgeadais an Aontais atá tiomnaithe do leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar chalaois, ar éilliú nó ar aon neamhrialtacht eile.

Leagtar amach cuspóirí an chláir seo a leanas i Rialachán CFCA:

> *'1. Is iad seo a leanas* ***cuspóirí ginearálta*** *an Chláir:*
>
> *(a) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;*
>
> *(b) tacú le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí maidir le hábhair chustaim agus maidir le hábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart.*
>
> *2. Tá na* ***cuspóirí sonracha*** *seo a leanas ag an gClár:*
>
> *(a) calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac;*
>
> *(b) tacú le tuairisciú neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, maidir le cistí bainistíochta comhroinnte agus cistí cúnaimh réamhaontachais bhuiséad an Aontais;*
>
> *(c) uirlisí a sholáthar le haghaidh malartú faisnéise agus tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla i réimse an chúnaimh riaracháin fhrithpháirtigh in ábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta.'*

Le hAirteagal 13 de Rialachán CFCA, tugtar sainordú don Choimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh ar an gclár:

> *'2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gClár nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil maidir le cur chun feidhme an Chláir, ach tráth nach déanaí ná 4 bliana ó thosach chur chun feidhme an Chláir.*
>
> *(…)*
>
> *4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, do Choiste na Réigiún agus don Chúirt Iniúchóirí agus foilseoidh sé iad ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.'*

Rachaidh an spriocdháta 4 bliana tar éis thús an chláir in éag an 31 Nollaig 2024.

Le linn na n-ullmhúchán don bhuiséad ilbhliantúil reatha, rinneadh anailís ar na neamhrialtachtaí agus ar na cásanna calaoise amhrasta a braitheadh le linn chur chun

feidhme an bhuiséid agus a thuairiscigh na Ballstáit ([4]) faoi Airteagal 325(5) CFAE. Léirigh sé sin go raibh an tionchar díobhálach airgeadais thar na blianta fós ard go leor chun go leanfadh an tAontas dá oibleagáid a fhorfheidhmiú maidir le buiséad an Aontais a chosaint trí chlár amhail CFCA.

Tá an clár á chur chun feidhme ar bhonn cinntí bliantúla maoiniúcháin agus cláir oibre arna nglacadh ag an gCoimisiún. Le hAirteagal 3(1) de Rialachán CFCA, socraíodh buiséad CFCA atá ar fáil do CAI 2021-2027 ag EUR 181.2 milliún.

Faoi Rialachán CFCA, ní mór an clár a chur chun feidhme, i bprionsabal, faoi bhainistíocht dhíreach, de réir Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046([5]) ('an Rialachán Airgeadais'), nó (i gcás eisceachtúil) faoi bhainistíocht indíreach le comhlacht eile dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c) den Rialachán Airgeadais (e.g. eagraíocht idirnáisiúnta).

Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán CFCA, féadfar cistiú a sholáthar ón gclár in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais. Áirítear anseo deontais agus soláthair go háirithe, mar aon le haisíocaíocht costas taistil agus cothaithe de réir mar a dhéantar foráil in Airteagal 238 den Rialachán Airgeadais. Féadfaidh an Clár cistiú a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí arna ndéanamh de réir Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle ([6]), go háirithe chun na cineálacha costas dá dtagraítear sa liosta táscach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a chumhdach.

Chomh maith leis sin, faoi Airteagal 5(4) de Rialachán CFCA, i gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht a dtacaítear léi le trealamh a cheannach, ceanglaítear ar an gCoimisiún, más iomchuí, sásra comhordúcháin a chur ar bun chun éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú idir an trealamh uile a cheannaítear le tacaíocht ó chláir (eile) de chuid an Aontais (e.g. tríd an Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim (ITRC) de chuid AS TAXUD).

([4]) Tá tuarascálacha bliantúla faoi Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint (Tuarascálacha PIF) ar fáil ag: https://ec.europa.eu/anti-fraud/reports_ga.

([5]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1). Cuireadh Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais in ionad an rialacháin sin ón 30 Meán Fómhair 2024 (IO L 2024/2509, 26.9.2024). Ós rud é, áfach, go raibh feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 le linn na tréimhse faoi mheastóireacht, déantar gach tagairt sa doiciméad seo don 'Rialachán Airgeadais' i ndáil leis an rialachán sin.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí maidir le hábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm mar is ceart **(**IO L 82, 22.3.1997, lch. 1). Rinne an Coimisiún (OLAF) meastóireacht ar an Rialachán in 2023: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=SWD%3A2023%3A429%3AFIN.

Féadfaidh deontais arna ndámhachtain faoin gclár suas le 80 % de na costais incháilithe a chumhdach. I gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe, más ‘gníomhaíocht tosaíochta’ é an tionscadal atá beartaithe (de réir an chláir oibre bhliantúil ábhartha), féadfar an céatadán sin a mhéadú go huasmhéid 90 % ([7]), faoi na coinníollacha a leagtar amach thíos.

1) I gcás an ghlao ar chúnamh teicniúil, féadfar an céatadán a mhéadú sna cásanna seo a leanas:

(i) léirítear sa togra torthaí na dtuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme Airteagal 325 CFAE maidir le calaois a chomhrac, go háirithe, trí chásanna leochaileacha a shainaithint arb iad an bhagairt is mó iad do leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; nó

(ii) léirítear sa togra torthaí Thuarascáil Speisialta 19/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le nósanna imeachta um allmhairiú ([8]).

2) I gcás an ghlao ar oiliúint, féadfar an céatadán a mhéadú sna cásanna seo a leanas:

(i) nuair a chomhlíonann tionscadail a dtugann eagraíochtaí eolaíochta agus/nó taighde fúthu ceann amháin ar a laghad de chritéir (a) agus (b) thíos, chomh maith le critéar (c):

(a) cruthaíodh an tionscadal go sonrach chun staidéir ar an dlí coiriúil Eorpach a chur chun cinn; nó

(b) tacaíonn an tionscadal le cruthú líonraí sa réimse sin; agus

(c) tá na gníomhaíochtaí sin dírithe ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; nó

(ii) nuair a chumhdaíonn tionscadail oiliúna ceann de na cásanna eisceachtúla a liostaítear le haghaidh an ghlao ar chúnamh teicniúil.

Féadfar conarthaí soláthair phoiblí a dhámhachtain ar aon eintiteas dlítheanach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa chreat dlíthiúil is infheidhme. Úsáidtear soláthar poiblí chun rochtain ar bhunachair sonraí, comhdhálacha cistiúcháin agus oiliúint (speisialaithe) a cheannach, agus chun uirlisí sonracha TF a fhorbairt.

Is é atá i dtairbhithe incháilithe an chláir riaracháin náisiúnta nó réigiúnacha na mBallstát nó tíortha comhlachaithe, comhlachtaí taighde, institiúidí oideachais agus eintitis neamhbhrabúis a bunaíodh i mBallstát agus atá ag feidhmiú ann le 1 bhliain ar a laghad, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

([7]) Airteagal 8 de Rialachán CFCA, maidir le cómhaoiniú: ‘*Ní rachaidh an ráta cómhaoinithe do dheontais arna ndámhachtain faoin gClár thar 80 % de na costais incháilithe. Ní dheonófar aon chistiú os cionn na huasteorann sin ach amháin i gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe, a dhéanfar iad a shainiú sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 11, agus ní rachaidh an cistiú sin thar 90 % de na costais incháilithe.*’

([8]) https://www.eca.europa.eu/ga/publications?did=44169

An 20 Márta 2024, síníodh Comhaontú Comhlachais idir an Coimisiún Eorpach agus an Úcráin, rud a d'fhág gurb í an chéad tír nach tír den Aontas í a rinne a rannpháirtíocht in CFCA a chur ar bhonn foirmiúil, le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2023.

3. AN MHEASTÓIREACHT EATRAMHACH

I ndiaidh na dtásc dá bhforáiltear in Airteagal 13 de Rialachán CFCA agus i dTreoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr, úsáidtear cúig chritéar sa mheastóireacht eatramhach chun measúnú a dhéanamh ar an gclár:

- **éifeachtacht** an chláir maidir lena chuspóirí agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach, lena n-áirítear inbhuanaitheacht (mharthanacht) an trealaimh agus na n-uirlisí a fuarthas;
- úsáid **éifeachtúil** acmhainní (airgeadais agus daonna);
- **comhleanúnachas** inmheánach agus seachtrach an chláir le réimsí eile gníomhaíochta de chuid an Aontais;
- **ábharthacht** chuspóirí uile an chláir; agus
- **breisluach Eorpach** an chláir.

Is í an tréimhse a chumhdaítear leis an meastóireacht an 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Iúil 2024. Tá an mheastóireacht seo bunaithe ar thorthaí staidéir sheachtraigh, a cuireadh i gcrích i mí na Bealtaine 2024 ([9]), lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Eanáir 2024.

4. MODHEOLAÍOCHT NA MEASTÓIREACHTA

Agus an mheastóireacht sin á déanamh aige, bhain an Coimisiún leas go príomha as an staidéar thuasluaite. Bhain sé leas freisin as meastóireacht *ex ante* 2018 a rinneadh mar ullmhúchán don togra reachtach le haghaidh chlár CFCA, as cláir oibre bhliantúla CFCA, agus as na forbhreathnaithe bhliantúla ar chur chun feidhme an chláir, a d'ullmhaigh an Coimisiún agus atá i gceangal leis an tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ('Tuarascálacha PIF').

Bunaíodh grúpa stiúrtha idirsheirbhíse de ranna ábhartha an Choimisiúin chun tacú leis an bpróiseas meastóireachta.

Cumhdaítear le raon feidhme na meastóireachta eatramhaí na trí chomhpháirt den chlár (cuid 'Hercule', AFIS agus CBNR), na bearta uile a chistítear faoin gclár, agus an obair ullmhúcháin agus cur chun feidhme a rinne na páirtithe leasmhara le haghaidh na mbeart sin. Cumhdaítear leis freisin iarratais ar dheontais ó thairbhithe féideartha (faoi chomhpháirt 'Hercule') nár éirigh leo tar éis phróiseas meastóireachta an togra. Sin toisc

([9]) Is é ICF Belgium S.A., an Bhruiséil, a rinne an staidéar. Le fáil ag: https://op.europa.eu/s/zXCm

nár dámhadh deontas ar na hiarratais incháilithe mar gheall ar easpa cistí, nó go raibh na hiarratais neamh-incháilithe toisc go raibh a scóir faoi bhun na híostairsí de 60 %.

5. PRÍOMHTHORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTA EATRAMHAÍ

Ar an iomlán, bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh, fuarthas amach sa mheastóireacht gur éirigh leis an gclár a chuspóirí ginearálta agus sonracha a bhaint amach go dtí seo. Ag teacht le tuairimí a lán tairbhithe, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht freisin gur gá clár cistiúcháin a choinneáil chun tacú leo ina n-iarrachtaí leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Mheas na tairbhithe gur mhó den chuid is mó na torthaí a fuarthas agus aschur foriomlán an chláir ná an t-am a cuireadh isteach, an iarracht agus na costais a bhí ag teastáil chun páirt a ghlacadh. Mheas na rannpháirtithe freisin gur sócmhainn luachmhar é an t-aitheantas agus an clú feabhsaithe a eascraíonn as a rannpháirtíocht sa chlár mar bhreisluach gan choinne.

5.1. Éifeachtacht

Léiríonn an measúnú ar na foinsí sonraí uile atá ar fáil go raibh an clár agus a ghníomhaíochtaí éifeachtach. Ag an gcéim seo de chur chun feidhme na dtrí chomhpháirt den chlár go háirithe, chuir na gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht feabhas (nó d'fhéadfaidís feabhas a chur) ar chalaois agus ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. D'fhéadfadh na trí chomhpháirt feabhas a chur ar chomhar trasnáisiúnta agus ildisciplíneach freisin. Ar an iomlán, i gcomparáid leis na bunlínte a sainaithníodh do gach ceann de na comhpháirteanna, a thagraíonn do tháscairí feidhmíochta a úsáideadh idir 2019 (Hercule III) agus 2022 (CFCA), d'fhan an éifeachtacht mar an gcéanna nó tháinig feabhas uirthi ó thús 2021.

Fuarthas sa mheastóireacht deiridh ar Hercule III gnéithe a d'fhéadfadh cur isteach ar éifeachtacht an chláir; go háirithe, nach raibh na hacmhainní ag riaracháin Ballstát áirithe chun cur ar a gcumas déileáil le ceanglais riaracháin an chláir. Mar sin féin, d'ainneoin sin, tá méadú faoi dhó tagtha ar an líon iarratas le blianta beaga anuas (ó 2022 go 2024), a fuarthas le haghaidh 'chomhpháirt Hercule' de CFCA (tograí le haghaidh cúnamh teicniúil). Léiríonn an méadú mór sin go raibh iarrachtaí an Choimisiúin in 2022 agus 2023 ceardlanna a eagrú do thairbhithe roimhe seo agus do thairbhithe féideartha éifeachtach chun feasacht agus tarraingteacht na ndeiseanna maoiniúcháin a threisiú. Leis an tairiscint mhéadaithe treoraíochta sin, tugadh freagra freisin ar mholadh ó mheastóireacht chlár Hercule III in 2021.

Dá gcuirfí tairbhithe féideartha na nglaonna ar thograí ar an eolas ar bhealach níos spriocdhírithe, d'fhéadfaí an líon iarratasóirí a mhéadú a thuilleadh, chomh maith leis an líon Ballstát atá rannpháirteach sa chlár, go háirithe ó thíortha ina gcuirtear isteach níos lú iarratas nó nach gcuireann aon iarratas isteach fiú.

D’fhéadfadh seisiúin faisnéise spriocdhírithe lena mbaineann na Ballstáit a thuairiscíonn líon ard cásanna/neamhrialtachtaí calaoise san Aontas borradh a chur faoin ráta rannpháirtíochta agus d’fhéadfadh dáileadh níos cothroime ar na cistí i measc na mBallstát a bheith mar thoradh orthu. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé nach mbeadh suim ag roinnt tíortha a bheith rannpháirteach sa chomhpháirt deontas de CFCA ar chúiseanna éagsúla (amhail, mar shampla, infhaighteacht cistí náisiúnta).

Is féidir feabhas a chur ar an gcomhar trasnáisiúnta trí dhreasachtaí a chur ar fáil do thairbhithe chun foirne tionscadail ilnáisiúnta a chur ar bun agus chun go mbeidh comhpháirtithe ó Bhallstáit eile páirteach.

Maidir le hinbhuanaitheacht (marthanacht), léiríodh sa mheastóireacht go bhfuil na bearta arna gcistiú ag an gclár inbhuanaithe, i.e. chruthaigh siad éifeachtaí a bhí fós ann tar éis dháta deiridh an tionscadail. Léirigh an staidéar go mbraitheann inbhuanaitheacht an chúnaimh theicniúil ar chineál agus ar chostais an trealaimh a ceannaíodh. Chuir na tairbhithe oiliúna agus comhdhálacha in iúl go mbeadh na deiseanna líonraithe, go háirithe na deiseanna sin lena mbaineann comhar trasteorann, fós ann tar éis fhad na dtionscadal faoi seach.

Murab ionann agus comhpháirt Hercule, ní chuireann AFIS tacaíocht airgeadais ar fáil d’iarratasóirí chun tionscadail a fhorbairt. Is é is príomhchuspóir dó malartú faisnéise a bhaineann le calaois a éascú idir na riaracháin ábhartha náisiúnta agus na riaracháin de chuid an Aontais. Is féidir éifeachtacht AFIS a mheas trína aschur.

Eochairtháscaire feidhmíochta le haghaidh AFIS is ea an líon míreanna faisnéise maidir le cúnamh frithpháirteach a cuireadh ar fáil agus an líon gníomhaíochtaí a bhaineann le cúnamh frithpháirteach ar tugadh tacaíocht dóibh. Sáraíodh na spriocanna bliantúla don táscaire sin don tréimhse 2021-2023.

Is é leibhéal sástachta úsáideoirí AFIS, arna thomhas le suirbhéanna tréimhsiúla ar úsáideoirí, an eochairtháscaire chun measúnú a dhéanamh ar thionchar aschur AFIS. Deimhníodh sna torthaí ón suirbhé is déanaí (2023) go bhfuil AFIS in ann uirlisí feidhmiúla a chur ar fáil le haghaidh malartú faisnéise ina réimse gníomhaíochta.

Bhí ceisteanna sa suirbhé is déanaí sin freisin maidir le feidhmiúlacht agus feidhmíocht na huirlise CBNR. Bhí ráta sástachta comhcheangailte na n-úsáideoirí (i dtaca le feidhmiúlacht agus feidhmíocht) maidir le CBNR thart ar 91 %. Tá sé sin an-fhabhrach i gcomparáid le torthaí 2019, nuair a bhí ráta sástachta na n-úsáideoirí ag 72 %.

San am céanna, léiríodh in agallaimh le roinnt bainisteoirí tíre CBNR réimsí áirithe ina bhféadfaí feabhas a chur orthu. Mar shampla, tá an iomarca réimsí sna foirmeacha tuairiscithe, a mbíonn tuairiscí mearbhlacha orthu uaireanta.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach saincheist de chuid OLAF/CBNR amháin é sin, ach go léiríonn sé éileamh ginearálta ‘foriomlán’ níos mó ar shonraí a chlárú, a thuairisciú agus a mhalartú chun críoch éagsúil, lena n-áirítear cuntasacht agus inrianaitheacht.

Cuireadh leagan nua de CBNR in úsáid an 1 Deireadh Fómhair 2024. Rinneadh uasghrádú domhain ar CBNR ar theicneolaíochtaí úrscothacha, rud a d’fhág go raibh an córas níos feidhmiúla, agus na dálaí á gcruthú chun tacaíocht níos éasca a thabhairt agus forbairt éifeachtúil a dhéanamh ar riachtanais amach anseo. Comhlánaíodh obair theicniúil freisin le feabhsuithe éagsúla eile: cuma agus mothú nua-aimseartha, nascleanúint níos éasca, uirlis chuardaigh fheabhsaithe, staitisticí níos fearr agus lámhleabhair úsáideora atá cothrom le dáta.

Tá oiliúint ar an gcóras nua uasghrádaithe beartaithe go dtí deireadh 2024 do gach úsáideoir CBNR in OLAF, i seirbhísí an Choimisiúin agus sna Ballstáit.

Fuarthas freisin sa mheastóireacht eatramhach ar CFCA gnéithe a d’fhéadfadh cur isteach ar éifeachtacht an chláir. D’fhéadfadh níos lú iarratas a bheith ann mar thoradh ar easpa acmhainní riaracháin na mBallstát a luadh cheana agus mar gheall nach bhfuil siad in ann ina dhiaidh sin déileáil le ceanglais riaracháin an chláir. D’fhéadfadh sé go mbeadh sé ríthábhachtach tuilleadh treoraíochta a chur ar fáil d’iarratasóirí (‘Hercule’) agus d’úsáideoirí (den uirlis CBNR) chun an tsaincheist sin a leigheas.

5.2. Éifeachtúlacht

Ar an iomlán, nuair a cuireadh an chéad chomhpháirt den chlár chun feidhme, cuireadh ar chumas an Aontais agus na n-údarás imscrúdaitheacha náisiúnta a n-acmhainní a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla chun cionta tromchúiseacha a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac go héifeachtach. Cé go bhfuil formhór na dtionscadal cúnaimh theicniúil agus oiliúna fós ag céim an chur chun feidhme, bhíothas in ann sa mheastóireacht na príomhréimsí a shainaithint inar rannchuidigh na deontais (Hercule) le costais agus acmhainní a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla. Áirítear orthu sin trealamh a cheannach, bailiú sonraí a bhaineann le calaois, anailís agus malartú, gníomhaíochtaí oiliúna, caidreamh a fhorbairt agus imscrúduithe.

Tá an próiseas iarratais atá ann faoi láthair i bhfad níos fearr ná mar a bhí faoin gclár roimhe seo agus measann páirtithe leasmhara go bhfuil sé an-éifeachtúil. Cuireadh san áireamh sa chlár reatha an t-aiseolas agus na moltaí chun an nós imeachta um iarratas a shimpliú agus chun tuilleadh treoraíochta a thabhairt do na hiarratasóirí, a cuireadh ar fáil faoin meastóireacht deiridh ar chlár Hercule III, rud a d’fhág go raibh níos mó iarratas ann gach bliain.

Fuair formhór na n-iarratasóirí go raibh an treoraíocht agus na treoracha a cuireadh ar fáil chun an t-iarratas a ullmhú soiléir agus go raibh fáil éasca orthu. I ndoiciméid an ghlao bhliantúil a fhoilsítear faoi gach clár oibre bliantúil, tugtar forléargas soiléir ar na tograí atá incháilithe chun cistiú a fháil agus cuirtear na critéir incháilitheachta i láthair go

soiléir. Tá lámhleabhar ar líne ag gabháil leis an nglao freisin maidir le tograí a ullmhú agus a chur isteach, lámhleabhar a raibh sé éasca agus iomasach d'iarratasóirí a leanúint.

D'fhéadfadh sé go bhfágfadh níos mó so-úsáideachta d'úsáideoirí faoi mhíchumas, amhail laguithe amhairc, nach mbeadh an próiseas chomh dian céanna ó thaobh acmhainní de i gcás iarratasóirí áirithe.

Leis an gcomhaontú deontais, tugtar méid maith solúbthachta buiséadaí do thairbhithe. Leis an tsolúbthacht sin, méadaítear éifeachtúlacht tionscadail, ós rud é go laghdaítear an t-ualach riaracháin ar thairbhithe agus ar bhainisteoirí clár de chuid an Choimisiúin (OLAF) araon.

Fuarthas amach sa mheastóireacht eatramhach ar an gcéad chomhpháirt de CFCA ('Hercule') go raibh roinnt coigilteas costais bainte amach ag tairbhithe. Mheas aon trian de na tairbhithe go raibh an coigilteas sin an-mhór nó mór. Thug tairbhithe dá n-aire, maidir leis an gcomhpháirt theicniúil, gur chuir a n-acmhainneacht agus a gcumais fheabhsaithe ar a gcumas oibríochtaí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla ina dtíortha féin. Fachtóir tábhachtach eile is ea go bhfuil éifeacht charnach ag an éifeachtúlacht mhéadaithe sin agus go dtéann sí chun tairbhe do ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta an Aontais freisin. Dá bhrí sin, is fearr is féidir le rannpháirtithe CFCA freagairt d'iarratais ar chúnamh frithpháirteach agus ar imscrúduithe comhpháirteacha le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta an Aontais.

Fuarthas amach sa mheastóireacht sin go bhfuil AFIS éirithe níos éifeachtúla. Mar shampla, tá tacaíocht theicniúil curtha ar fáil aige do chúpla dosaen oibríochtaí comhpháirteacha custaim ó bhí 2021 ann. Measann úsáideoirí gur úsáid éifeachtúil acmhainní é cistiú CFCA le haghaidh CBNR. Mar sin féin, tá sé deacair measúnú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht fhoriomlán a bhaineann leis na feabhsuithe a rinneadh ar an dá chóras ar bhonn na sonraí atá ar fáil don mheastóireacht sin.

Tugtar le fios san anailís gur cosúil gur úsáid éifeachtúil acmhainní bunaithe ar anailís costais is tairbhe é CFCA. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, leis na sonraí atá ar fáil ag an gcéim eatramhach seo den chlár, nach féidir mapáil iomlán, chainníochtúil a dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí an chláir, ná luach airgid a chur ar na costais agus ar na tairbhí uile chun comparáid dhíreach a dhéanamh lena chéile.

5.3. Comhleanúnachas

Bunaithe ar anailís ar na cláir ábhartha, chomh maith le torthaí an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara a rinneadh don mheastóireacht, meastar go bhfuil an clár comhleanúnach den chuid is mó, go hinmheánach agus go seachtrach araon. Mar sin féin, sainaithníodh roinnt forluí féideartha agus/nó réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu.

Fuarthas amach sa taighde go raibh comhleanúnachas inmheánach níos mó ann i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe seo toisc go laghdaíonn an struchtúr trí

chomhpháirt atá ag an gclár an t-ualach riaracháin, agus go simplíonn sé bainistiú an chistithe, solúbthacht an bhuiséid agus athdháileadh cistí ar fud na dtrí chomhpháirt.

Maidir leis an gcomhleanúnachas seachtrach, díríodh sa taighde ar roinnt clár ábhartha de chuid an Aontais. Sainaithníodh an riosca is airde dúbailte idir CFCA agus ITRC, agus, ar bhonn i bhfad níos lú, le dhá chlár cistiúcháin eile arna soláthar ag AS TAXUD, i.e. an clár Custam agus an clár Fiscalis. I dtéarmaí tairbhithe cláir, cuireann ITRC tacaíocht airgeadais ar fáil go sonrach d'údaráis chustaim na mBallstát. I gcodarsnacht leis sin, tá CFCA dírithe (níos mó) ar údaráis forfheidhmithe dlí, nach bhfaigheann cistiú ITRC. Díríonn ITRC ar ghníomhaíochtaí custaim, go háirithe ar acmhainneacht chustaim a fhorbairt ag pointí trasnaithe teorann agus ar acmhainneacht saotharlann custaim, agus díríonn CFCA ar neamhrialtachtaí (airgeadais) agus iompar calaoiseach a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chosc.

Níor sainaithníodh sna comhairliúcháin a rinneadh sa mheastóireacht sin aon dúbailt mhór idir an cistiú a chuir AS TAXUD ar fáil d'údaráis chustaim náisiúnta agus na gníomhaíochtaí a chistítear faoi CFCA. Is é is cúis leis sin go príomha na difríochtaí i raon feidhme na gclár sin agus go n-oibríonn na hArd-Stiúrthóireachtaí inniúla go dlúth le chéile ar leibhéil éagsúla agus ag céimeanna éagsúla den nós imeachta um dheonú. Ar an gcaoi sin, is féidir leo comhordú a áirithiú agus soiléireacht a thabhairt do na hiarratasóirí agus do na tairbhithe maidir le feidhmiú na gclár agus na ngníomhaíochtaí atá incháilithe do chistiú. Bunaithe ar an taighde a rinneadh sa staidéar, leanann CFCA de bheith comhleanúnach i gcoitinne leis na cláir chistiúcháin ábhartha eile, i gcomhréir leis an gclárthréimhse roimhe seo.

5.4. Ábharthacht

Fuarthas amach sa mheasúnú ábharthachta go raibh gníomhaíochtaí CFCA ábhartha den chuid is mó le linn na tréimhse meastóireachta sin, chun cuspóirí ginearálta an chláir a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais a iarratasóirí, a thairbhithe, a rannpháirtithe (Hercule), agus a úsáideoirí (AFIS agus CBNR).

Fuarthas amach freisin go bhfuil Hercule agus AFIS ábhartha maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na calaoise in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais a shainaithint agus a chomhrac, d'ainneoin roinnt fianaise lena dtugtar le fios go dtairbheodh Hercule de mhéadú mór ar acmhainní airgeadais, mar a chuirtear i dtábhacht sa tuarascáil seo.

Léirítear leis na treochtaí reatha in iompar calaoiseach go bhfuil gá le cistiú breise le haghaidh tionscadail a thacaíonn leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise arna cumasú go digiteach. Chun tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta chun calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile lena ndéantar dochar do bhuiséad an Aontais a chomhrac, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le méadú suntasach ar bhuiséad reatha an chláir chun costais arda trealaimh nó crua-earraí a chumhdach, chomh maith leis an ngá atá ann do lucht ceaptha beartas coinneáil suas le forbairtí teicneolaíocha.

Ba cheart a chur san áireamh i méadú buiséid den sórt sin leathnú raon feidhme geografach an chláir chuig an Úcráin, atá anois ina tír chomhlachaithe leis an gclár, agus aon leathnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar thíortha eile is iarrthóirí (nua).

Léirigh iarratasóirí agus tairbhithe cistiúcháin faoi chomhpháirt Hercule éileamh substaintiúil ar thacaíocht bhreise trí thionscadail cúnaimh theicniúil agus gníomhaíochta oiliúna, agus leag siad béim ar an easpa tacaíocht chomhchosúil ó fhoinsí náisiúnta nó ó fhoinsí eile.

Ar deireadh, d'fhéadfadh sé gur ghá an buiséad a mhéadú freisin chun an sciar méadaitheach d'iarratais bhliantúla Hercule a chumhdach, ar iarratais iad nár éirigh leo deontais a fháil faoi láthair, mar gheall ar theorainneacha buiséadacha, i.e. thart ar thrí cheathrú de na hiarratais a fuarthas faoi chúnamh teicniúil le blianta beaga anuas.

5.5. Breisluach Eorpach

Léiríonn na sonraí a ndearnadh anailís orthu gur éirigh go maith, ar an iomlán, le clár CFCA i gcomparáid leis na táscairí bonnlíne maidir le breisluach Eorpach.

Léirigh faighteoirí cistithe faoi chomhpháirt Hercule leibhéal an-ard sástachta a mheastar a bheith ann agus dheimhnigh siad nach mbeadh an leibhéal céanna tacaíochta indéanta ar an leibhéal náisiúnta. Dhearbhaigh freagróirí ar na suirbhéanna spriocdhírithe agus na hagallaithe uile an toradh sin.

Léiríonn sonraí CFCA maidir le AFIS méadú seasta gach bliain ar infhaighteacht faisnéise maidir le cúnamh frithpháirteach faoin gclár, a chomhlíonann spriocanna bliantúla an táscaire sin go rialta.

Léiríonn na sonraí sástacht ard le CBNR go ginearálta, toisc go bhfuil tromlach mór na n-úsáideoirí sásta leis an uirlis.

Cuireann clár CFCA buntáistí breise ar fáil tríd an méid a chuireann sé le príomhspriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Go sonrach, cuireann tacaíocht airgeadais ón Aontas trí na deontais cúnaimh theicniúil leis an sprioc forbartha inbhuanaithe maidir le neamhionannais laistigh de thíortha agus idir tíortha a laghdú trí bhuiséid na riarachán náisiúnta a threisiú.

Ina theannta sin, cuidíonn an clár go hindíreach le hinstitiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus cuimsitheacha a thógáil trí thacú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, go háirithe trí dheontais chun borradh a chur faoin aistriú digiteach, agus trí na huirlisí agus an tacaíocht a chuireann AFIS agus CBNR ar fáil.

Tugann rannpháirtíocht OLAF creidiúnacht shubstaintiúil freisin do na gníomhaíochtaí oiliúna a d'eagraigh tairbhithe éagsúla, rud a fhágann go bhfuil níos mó rannpháirtithe agus infheictheacht níos fearr ann.

Ba cheart leibhéal agus raon feidhme an chistithe faoi CFCA a choinneáil ar bun ar a laghad, ós rud é go léiríonn aiseolas ó iarratasóirí agus ó thairbhithe go líonann an clár nideog uathúil agus go mbeadh bearna mhór ann dá gcaillfí deiseanna cistiúcháin CFCA.

6. CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

Ar ndóigh, tá an chuid is mó de na conclúidí a chuirtear i láthair sa tuarascáil staidéir léirithe cheana féin i gcur chun feidhme reatha CFCA. Dá bhrí sin, ní hamháin go dtacaíonn an mheastóireacht seo le cleachtas reatha an Choimisiúin, ach is tagarmharc í freisin d'fhorbairtí a bhaineann le cláir amach anseo.

Agus na torthaí a cuireadh i láthair sna ranna roimhe seo á gcur san áireamh, measann an Coimisiún go gcuirtear bonn láidir ar fáil leis an gclár chun cuidiú leis na Ballstáit agus le tíortha comhlachaithe dul i ngleic le timpeallacht na calaoise atá ag síorathrú. Cuirtear san áireamh ann freisin an leagan amach institiúideach Eorpach nua, nuair a seoladh go hoibríochtúil OIPE in 2021.

Meastar go bhfuil CFCA ag freagairt do dhúshláin an lae inniu ar bhealaí éagsúla.

Ar an gcéad dul síos, de réir mar a bhíonn níos mó agus níos mó gníomhaíochtaí coiriúla ar bun sa chibearspás, cuidíonn an clár leis na Ballstáit a n-acmhainneacht dhigiteach a neartú chun calaois a bhrath agus a imscrúdú. Dá bhrí sin, tacaíonn CFCA le harduirlisí agus bunachair sonraí anailíseacha a cheannach, agus cuireann sé sainoiliúint ar fáil maidir leis an bhfóiréinsic dhigiteach. Tá an cineál tacaíochta sin a chuirtear ar fáil ailínithe go hiomlán le straitéis nua frithchalaoise an Choimisiúin, lena gcuirtear chun cinn go láidir arduirlisí anailíseacha agus TF a úsáid.

Ar an dara dul síos, i bhfianaise an mhéadaithe ar chaiteachas an Aontais faoin mbuiséad nua agus faoi NextGenerationEU, tá formhór chistiú CFCA dírithe ar chalaois in aghaidh caiteachais a chomhrac, lena n-áirítear caiteachas faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tacaítear leis sin toisc go bhfuil ITRC curtha ar bun ag an Aontas anois chun trealamh rialaithe custaim a cheannach, a uasghrádú agus a chothabháil. Agus buiséad thart ar EUR 1 bhilliún ag an ionstraim sin don tréimhse reatha 7 mbliana, cuireadh acmhainní nach beag ar fáil do CFCA, acmhainní a leithdháil Hercule III roimhe sin chun trealamh agus uirlisí rialaithe custaim a chistiú.

Ar leibhéal níos oibríochtúla, agus achoimre á déanamh ar phríomhthorthaí na meastóireachta i dtéarmaí moltaí maidir le cur chun feidhme amach anseo, tá dhá ghné ann.

Ar an gcéad dul síos, d'iarr páirtithe leasmhara ar an gCoimisiún treoraíocht níos mionsonraithe a thabhairt maidir le hiarratas a ullmhú. Dá bhrí sin, cuirfidh OLAF níos mó tacaíochta agus níos mó treoraíochta ar fáil d'iarratasóirí deontais, go háirithe sna tíortha arb iad na comhaltaí is nua den chlár iad. Leathnófar láithreacht gréasáin an chláir

ar leathanach seachtrach OLAF chun tuilleadh faisnéise, dea-chleachtas agus lámhleabhar a sholáthar don chomhpháirt deontais.

Ar an dara dul síos, d'fhéadfaí a mholadh i dtorthaí na meastóireachta breithniú a dhéanamh ar an gcothromaíocht íogair idir an mhian láidir an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí a íoslaghdú agus an gá atá le faisnéis atá ar fáil níos éasca le haghaidh tuairiscithe, faireacháin agus measúnuithe *ex post*. Ní furasta an chothromaíocht sin a bhaint amach, agus b'fhéidir gur mhaith leis an gCoimisiún féachaint ar fhéidearthachtaí chun a uirlisí tuairiscithe agus faireacháin a mhionchoigeartú a thuilleadh chun na críche sin.

A mhéid a bhaineann le comhsheasmhacht agus comhleanúnachas seachtrach an chláir, comhordaíonn seirbhísí an Choimisiúin le chéile agus a gcláir oibre bhliantúla á n-ullmhú agus á nglacadh acu le haghaidh ionstraimí maoinithe an Aontais a bhaineann leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise agus an éillithe.

Faoi CAI reatha, tá creat meastóireachta agus faireacháin trasearnála forbartha ag an gCoimisiún le haghaidh na gclár caiteachais uile. Chuir an clár feabhas freisin ar an gcreat atá ann faoi láthair trí líon iomchuí táscairí a fhorbairt a bhaineann go sonrach le tionscadail incháilithe. Úsáidtear iad chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn chur chun feidhme an chláir gach bliain i bhforléargas bliantúil an chláir (mar chuid de thuarascálacha PIF an Choimisiúin). Ó 2017 i leith, tá gach tionscadal, ar dámhadh deontas air, cláraithe in uirlis 'ríomhdheontais' an Choimisiúin, bunachar sonraí luachmhar chun an clár a chur chun feidhme.

Leis an meastóireacht eatramhach sin, cuireadh bonn ar fáil do mheasúnú tionchair amach anseo i bhfianaise na n-ullmhúchán reachtach don chéad chlár eile. Le hábharthacht leanúnach agus méid mhéadaitheach an chláir i dtéarmaí gníomhaíochtaí laistigh dá chomhpháirteanna, arna léiriú ag an meastóireacht seo, soláthraítear forais chun údar a thabhairt le tacaíocht a thabhairt do bhuiséad foriomlán atá méadaithe go mór don chlár a bheidh ann amach anseo (2028-2034).

I bhfianaise a bhfuil thuas, meastar go bhfuil an clár éifeachtúil, éifeachtach, ábhartha agus comhleanúnach, chomh maith le breisluach Eorpach nach beag a sholáthar. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht ghníomhach a thabhairt d'údaráis na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe chun a n-acmhainneacht a neartú chun calaois agus gníomhaíochtaí neamhrialta a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais a chomhrac.

Déanfaidh an Coimisiún tuilleadh fiosrúcháin maidir leis an méid seo a leanas: (i) feabhas a chur ar an treoraíocht a thugtar d'iarratasóirí; (ii) an cineál gníomhaíochtaí arna maoiniú a thabhairt cothrom le dáta, agus an dul chun cinn mear teicneolaíoch á chur san áireamh; agus (iii) comhordú agus comhleanúnachas córasach leanúnach ar leibhéal an Choimisiúin a áirithiú idir CFCA agus cláir eile de chuid an Aontais.